



**Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe  
ar son na hAeráide & Comhshaoil**  
Department of Communications,  
Climate Action & Environment



## **Treoirlínte Comhlíonta NIS le haghaidh Oibritheoirí Seirbhísí Riachtanacha (OES)**

Lúnasa 2019

# Clár Ábhair

Achoimre Feidhmeach.....	1
1. Réamhrá: Údaráis Inniúla Náisiúnta agus Oibritheoirí Seirbhísí Riachtanacha .....	3
2. Riachtanais Slándála i ndáil le hOibritheoirí Seirbhísí Riachtanacha .....	5
3. Bunphrionsabail na Slándála Chórais Lónra agus Faisnéise.....	7
4. Forléargas ar na Treoirínte NIS i ndáil le Riachtanais Slándála OESanna.....	8
A. Aithin.....	9
B. Cosain.....	10
C. Braith.....	11
D. Freagair .....	12
E. Aisghabh.....	13
5. Tuairisciú Teagmhas ag Oibritheoirí Seirbhísí Riachtanacha .....	14
5.1 Réamhrá.....	14
5.2 Tuairisciú Teagmhas.....	15
5.3 An Tionchar Suntasach ar Leanúnachas na Seirbhísí Riachtanacha a Chinneadh .....	16
5.4 Faisnéis maidir le Tuairisciú Teagmhas .....	16
5.5 Nós Imeachta maidir le Tuairisciú Teagmhas .....	17
Aguisín A: Físghrafaic Creata .....	22
Aguisín B: Treoirínte Slándála.....	23
Aguisín C: Leibhéal Tuairiscithe Teagmhas Táscacha .....	34

## Achoimre Feidhmeach

An 6 Iúil 2016, ghlac an tAontas Eorpach go foirmiúil le Treoir (ón AE) 2016/1148 maidir le bearta le haghaidh leibhéal ard slándála córas líonra agus faisnéise ar fud an Aontais (Treoir NIS)<sup>1</sup>. Is é príomhchuspóir na Treorach NIS a chinntiú go bhfuil leibhéal ard slándála maidir le córais líonra agus faisnéise ar fud Bhallstát agus dá bharr sin, éilítear ar Bhallstáit tabhairt faoi roinnt beart suntasach maidir le Cibershlándáil. Trasuódh an Treoir go foirmiúil isteach i reachtaíocht na hÉireann faoi Rialachán an Aontais Eorpaigh (Bearta chun Leibhéal Ard Slándála Líonra agus Faisnéise a Áirithiú ar Fud an Aontais) 2018 (I.R. 360 de 2018<sup>2</sup>) ('Rialacháin NIS') an 18 Meán Fómhair 2018.

Éilíodh leis na bearta cur i bhfeidhm shraith oibleagáidí ceangailteacha tuairiscithe maidir le slándáil córas líonra agus faisnéise agus teagmhas ag raon leathan príomhoibritheoirí bonneagair, ar a dtugtar 'Oibritheoirí Seirbhísí Riachtanacha' (nó OES) lena n-áirítear fuinneamh, iompar, sláinte, soláthar agus leithdháileadh uisce óil agus bonneagar digiteach. Tugtar ar aird, ach éifeacht a thabhairt don Treoir NIS ar leibhéal náisiúnta, déantar soláthar le Rialacháin NIS, maidir le OES sna hearnálacha baincúireachta agus bonneagair mhargaidh airgeadais, níl feidhm ach leis na hoibleagáidí tuairiscithe teagmhas sna Rialacháin NIS.<sup>3</sup> Tá na hoibleagáidí slándála a bhfuil feidhm leo maidir le haonáin sna hearnálacha baincúireachta agus bonneagair mhargaidh airgeadais leagtha amach i Rialacháin ón AE a bhaineann go sonrath leis na hearnálacha sin. Éilítear leis an Treoir NIS freisin go gcuirfí i bhfeidhm córas rialála nua oibleagáidí ceangailteacha tuairiscithe slándála agus teagmhas i ndáil le Soláthraithe Seirbhíse Digití (DSPanna), mar a dtugtar orthu. Áirítear orthu sin áiteanna margaidh, soláthraithe néalríomhaireachta agus soláthraithe inneall cuardaigh.

Le Rialachán 25(1) de na Rialacháin NIS, ceadáitear don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil Treoirlínte a dhéanamh chun críocha treoir phraiticiúil a chur ar fáil maidir le comhlíonadh Oibritheoirí Seirbhísí Riachtanacha agus Sholáthraithe Seirbhíse Digití ábhartha a n-oibleagáidí faoi na Rialacháin. Bunaítear sraith Treoirlínte leis an doiciméad seo atá leagtha amach chun cabhrú le OESanna a riachtanais tuairiscithe maidir le slándáil córas líonra agus faisnéise agus teagmhas faoi Rialacháin 17 agus 18 de na Rialacháin NIS a chomhlíonadh. Tá na dréacht-treoirlínte sin

<sup>1</sup>Treoir 2016/1148 [le haghaidh leibhéal ard slándála córas líonra agus faisnéise ar fud an Aontais](#)

<sup>2</sup>[Ionstraim Reachtuil 360 de 2018](#)

<sup>3</sup>Déantar foráil le Rialachán 3(2) nach bhfuil feidhm le Rialachán 17 (riachtanais slándála i ndáil le hoibritheoirí seirbhísí riachtanacha) i gcás aonán atá ainmnithe mar OES sna hearnálacha baincúireachta agus bonneagair mhargaidh airgeadais.

neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus níl siad sonracha maidir le hearnálacha, le deis a thabhairt do OESanna in earnálacha éagsúla iad a leasú chun freastal ar a riachtanais féin, agus chun a bhfreagra féin, atá sonracha don earnáil a éabhlóidiú i gcomhar le dul chun cinn teicneolaíochta agus riachtanais ghnó.

Éilítear le Rialachán 25(2) go bhfoilseofaí dréacht de na Treoirínte molta ar an idirlíon agus gur féidir uiríll scríofa a dhéanamh i ndáil leis an dréacht taobh istigh de 30 lá oibre. Déanfar machnamh ar na huiríll sin sula bhfoilseofar an leagan deiridh de na Treoirínte agus sula dtagann siad i bhfeidhm. Tá na dréacht-Treoirínte seo á bhfoilsiú chun críocha comhairliúcháin bhreise de réir Rialachán 25(2).

# 1. Réamhrá: Údaráis Inniúla Náisiúnta agus Oibritheoirí Seirbhísí Riachtanacha

Faoi Rialachán 7 de na Rialacháin NIS, tá dhá Údaráis Inniúla Náisiúnta ainmnithe ag Éirinn i ndáil le hOibritheoirí Seirbhísí Riachtanacha agus déanfaidh siad athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na Rialachán:

- I. Is é an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil an tÚdarás Inniúil Náisiúnta do gach earnáil arna leagan amach i Sceideal 1 de na Rialacháin NIS, seachas na hearnálacha Baincéireachta agus Bonneagair Mhargaidh Airgeadais; agus
- II. Is é Banc Ceannais na hÉireann an tÚdarás Inniúil Náisiúnta do na hearnálacha Baincéireachta agus Bonneagair Mhargaidh Airgeadais.

Is le Rialachán 12 a cheadaítear don Údarás Inniúil Náisiúnta don earnáil ábhartha dá bhfuil sé ina Údarás Inniúil Náisiúnta, duine a ainmniú mar OES i ndáil le seirbhís riachtanach sa chás go bhfuil sé sásta:

- a) go soláthraíonn an duine an tseirbhís riachtanach sa Stát,
- b) go bhfuil gnólacht ag an duine sa Stát,
- c) gur duine den chineál a leagtar amach i gColún (3) de Sceideal 1 de na Rialacháin NIS é an duine,
- d) gur earnáil agus fo-earnáil mar a leagtar amach i Sceideal 1 de na Rialacháin NIS iad an earnáil agus an fho-earnáil, nuair is cuí, ina soláthraítear an tseirbhís riachtanach;
- e) go mbraitheann soláthar na seirbhíse riachtanaí ag an duine ar chórais líonra agus faisnéise, agus
- f) go mbeadh éifeachtaí suaiteacha suntasacha ar sholáthar na seirbhíse sin sa Stát ag teagmhas a mbeadh tionchar aige ar sholáthar na seirbhíse riachtanaí ag an duine

Leagtar amach i Sceideal 1 de na Rialacháin NIS na cineálacha aonán sna hearnálacha agus fo-earnálacha éagsúla arna gcuimsiú sna Rialacháin óna ndéanfar Oibritheoirí

Seirbhísí Riachtanacha a ainmniú, sa chás go gcomhlíonann siad na critéir arna sonrú i Rialachán 12. Mar a leagtar amach i Rialachán 13, sa chás go molann Údarás Inniúil Náisiúnta duine a ainmniú mar OES, cuirfear sin in iúl don duine i scríbhinn agus beidh deis aige/aici uirill a dhéanamh. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta ábhartha cinneadh faoi cibé an ainmneofar an duine mar an OES i ndáil leis an gcatagóir shonrach earnála, fo-earnála nó seirbhíse riachtanaí ina leith. Tá an próiseas ainmnithe OES ar bun faoi láthair, ach ní fhoilseofar an liosta OESanna ar chúiseanna slándála.

Ainmnítear na cumhachtaí reachtúla seo a leanas mar Údarás Inniúla Náisiúnta faoi na Rialacháin i ndáil leis na hearnálacha dá dtagraítear thuas<sup>4</sup>:

- Féadfaidh an tAire agus Banc Ceannais na hÉireann faisnéis a lorg trí bhíthin fhógra ceangailteach faisnéise (Rialachán 31)
- Féadfaidh an tAire (mar Údarás Inniúil Náisiúnta i ndáil leis na hearnálacha dá dtagraítear thuas) measúnuithe slándála a dhéanamh maidir le comhlíonadh an OES lena oibleagáidí faoi Rialacháin 17 agus 18 (trí bhíthin iniúchta slándála nó eile) agus féadfaidh sé duine neamhspleách nó iniúchóir a cheapadh chun an measúnú a dhéanamh thar a cheann (Rialachán 27)
- Féadfaidh an tAire (mar Údarás Inniúil Náisiúnta i ndáil leis na hearnálacha dá dtagraítear thuas) oifigigh údaraithe a cheapadh chun scrúdú a dhéanamh ar áit faoi úinéireacht nó faoi oibriú OES chun críche measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na Rialacháin (Rialachán 28)
- Féadfaidh an tAire (mar Údarás Inniúil Náisiúnta i ndáil leis na hearnálacha dá dtagraítear thuas) fógra comhlíonta a eisiúint sa chás go measann sé nach bhfuil foráil de na Rialacháin á comhlíonadh. D'fhéadfadh treoracha maidir leis an mbeart le déanamh chun an neamhchomhlíonadh a réiteach agus aird an phobail nó aon duine dá ndéanfadh an neamhchomhlíonadh difear dó (Rialachán 30) a tharraingt air, a bheith san áireamh leis sin.

---

<sup>4</sup> Cuid 8, Cur i bhFeidhm agus Forfheidhmiú, I.R. 360 de 2018

## 2. Riachtanais Slándála i ndáil le hOibritheoirí

### Seirbhísí Riachtanacha

Is i Rialachán 17 de na Rialacháin NIS a leagtar amach oibleagáidí slándála le haghaidh Oibritheoirí Seirbhísí Riachtanacha maidir le córais líonra agus faisnéise. Mar a luaitear thuas, ní bhaineann Rialachán 17 le haonáin atá ainmnithe mar OES sna hearnálacha baincéireachta agus bonneagair mhargaidh airgeadais;<sup>5</sup> is i Rialacháin AE a bhaineann go sonrach le hearnálacha a leagtar amach na hoibleagáidí slándála atá i bhfeidhm le haonáin sna hearnálacha baincéireachta agus bonneagair mhargaidh airgeadais.

Déantar foráil i Rialachán 17(1) go ndéanfaidh Oibritheoirí Seirbhísí Riachtanacha na nithe seo a leanas –

- tabhairt faoi bhearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí agus comhréireacha chun na rioscaí do shlándáil na gcóras líonra agus faisnéise a úsáideann siad ina n-oibríochtaí a bhainistiú, agus
- tabhairt faoi bhearta cuí chun éifeacht theagmhais a mbeadh tionchar acu ar shlándáil na gcóras líonra agus faisnéise a úsáideann siad chun na seirbhísí riachtanacha dá bhfuil siad ainmnithe mar oibritheoirí seirbhísí riachtanacha a sholáthar a chosc agus a íoslaghdú, le súil agus leanúnachas a chinntiú maidir le soláthar na seirbhísí sin acu.

Is le Rialachán 17(2) a dhéantar foráil go gcinnteoidh na bearta a nglactar fúthu leibhéal slándála i leith na gcóras líonra agus faisnéise atá cuí do na rioscaí ina leith.

Is é an OES a bheidh freagrach as a chinntiú go bhfuil na hoibleagáidí slándála agus fógartha teagmhas á gcomhlíonadh acu faoi na Rialacháin. Tugtar cur chuige samplach do OESanna ag na treoirlínte maidir lena gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh, creat dea-chleachtais a aithint, lena mbainfí amach, is dócha, na torthaí arna leagan amach Rialachán 17 (1) agus (2) dá nglacfaí leo; bearta cuí teicniúla agus eagraíochtúla a ghlacadh chun na rioscaí do shlándáil na gcóras líonra agus faisnéise arna n-úsáid ina oibríochtaí a bhainistiú, agus an éifeacht ag teagmhais ar na córais sin a íoslaghdú, le súil agus leanúnachas na seirbhísí riachtanacha a chinntiú.

---

<sup>5</sup>Déantar foráil i Rialachán 3(2) nach mbaineann Rialachán 17 (riachtanais slándála i ndáil le hoibritheoirí seirbhísí riachtanacha) le haonáin atá ainmnithe mar OESanna sna hearnálacha baincéireachta agus bonneagair mhargaidh airgeadais.

Tugtar ar aird freisin go moltar sa Treoir go nglacfaidh OESanna cultúr bainistíochta riosca, lena n-áirítear measúnú riosca agus cur i bhfeidhm bearta slándála a bheadh cuí i leith na rioscaí ionas nach mbeadh ualach airgeadais agus riaracháin díréireach rompu”.

Aithnítear nach féidir córais faisnéise a chosaint go hiomlán ó gach teagmhas slándála ionchais. Mar sin, tá na Riachtanais Slándála sna Rialacháin NIS dírithe ar riosca a laghdú ar feadh shaolré na freagartha ar theagmhas, agus níor cheart a cheapadh go bhfágann siad córais ná aonáin gan a bheith leochaileach. Sa bhreis air sin, beidh feidhm leis na forálacha forfheidhmithe sna Rialacháin NIS nuair a theip ar OES bearta cuí maidir le slándáil chórais líonra agus faisnéise a thabhairt isteach nó a chur i bhfeidhm i gceart, i rith an ghnáthshaoil nó mar fhreagra ar theagmhas. Mar sin féin, ní chiallaíonn teagmhas a bheith tarlaithe do OES go ndéanfar beart forfheidhmithe breise ina dhiaidh sin. Ina áit sin, an ról a bheadh ag an Aire sna cúinsí sin, measúnú a dhéanamh ar cibé an raibh measúnú ceart déanta ag OES ar na rioscaí dá seirbhís, cibé an raibh bainistiú cuí á dhéanamh ar na rioscaí agus go raibh bearta cuí slándála i bhfeidhm.

Ar deireadh, nuair a thugtar ainmniú foirmiúil mar OES orthu, déanfar sin ag tagairt don tseirbhís riachtanach nó do na seirbhísí a chuireann siad ar fáil. Ba cheart go n-aithneofaí go sonrach leis na bearta slándála a roghnaíonn siad a chur ar fáil na córais líonra agus faisnéise sin a úsáidtear chun na seirbhísí sin a chur ar fáil nó chun tacú leo.



### 3. Bunphrionsabail na Slándála Chórais Líonra agus Faisnéise

Ba cheart do OESanna na prionsabail seo a leanas a chur san áireamh agus bearta slándála á gcur i bhfeidhm acu.

Ba cheart do bhearta a bheith:

- Éifeachtach maidir le cur le seasamh cibearshlándála OES i ndáil leis an tírdhreach bagairtí, faoi láthair agus go ceann i bhfad.
- Saincheaptha lena chinntiú go ndéantar iarracht leis na bearta is mó a mbeidh tionchar acu i ndáil le slándáil OES a fheabhsú.
- Comhoiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí tras-earnála, agus bearta slándála a bhaineann go sonrach le hearnálacha ag tacú leo.
- Comhréireach leis na rioscaí, le béim ar na córais atá mar bhonn taca do sheirbhísí riachtanacha a chosaint.
- Nithiúil agus éasca le tuiscint, chun a chinntiú go gcuirtear na bearta i bhfeidhm go hiomlán agus chun an seasamh cibearshlándála a fheabhsú go gníomhach.
- Infhíoraithe lena chinntiú go bhféadfaidh an OES fianaise ar chur i bhfeidhm éifeachtach bhearta slándála a thabhairt don Aire.
- Uilechuimsitheach, lena chinntiú go gcuirtear bearta i bhfeidhm chun gach ceann de na cúig théama a chuimsiú (Aithin, Cosain, Braith, Freagair, Aisghabh).

## 4. Forléargas ar na Treoirlínte NIS i ndáil le Riachtanais Slándála OESanna

Is leis na bearta teicniúla agus eagraíochtúla arna sainaithe sna treoirlínte seo, lena n-áirítear in Aguisín A agus B, a chuirtear creat dea-chleachtais ar fáil chun cosaint chórais líonra agus faisnéise a chinntiú. Is ionann na treoirlínte agus cur chuige samplach a bhféadfadh OESanna glacadh leis chun bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí do shlándáil na gcóras líonra agus faisnéise a úsáidtear ina n-oibríochtaí agus chun an tionchar a bheadh ag teagmhais ar na córais sin a íoslaghdú.

Tá an creat seo leagtha amach chun:

- cur ar chumas OESanna cur síos a dhéanamh ar a stádas cibearshlándála reatha;
- cur chuige toradh-bhunaithe a sholáthar maidir leis na prionsabail slándála do chórais líonra agus faisnéise;
- bheith comhoiriúnach le Cláir Bhainistíocht Riosca, Caighdeáin agus Cibearshlándála reatha a úsáideann OESanna agus tacú leo;
- sainaitheint ghníomhaíochtaí feabhsaithe cibearshlándála éifeachtacha a chumasú;
- bheith chomh héasca le cur i bhfeidhm agus is féidir;
- cabhrú leis an Aire measúnuithe slándála éifeachtacha a dhéanamh (trí bhíthin iniúchadh slándála nó ar bhealach eile) ar chomhlíonadh OES lena oibleagáidí faoi Rialachán 17 de na Rialacháin NIS.

Tá na treoirlínte slándála comhdhéanta de chúig théama lena dtugtar léargas ardleibhéal ar bhainistíocht riosca cibearshlándála ag eagraíocht. Is iad na cúig théama sin: Aithin, Cosain, Braith, Freagair agus Aisghabh. Tugtar cur síos sna treoirlínte slándála in Aguisín B ar na catagóirí agus fo-chatagóirí faoi gach téama lena dtugtar sainmhíniú ar réimse leathan cuspóirí cibearshlándála, torthaí inmhianta agus tagairtí infheidhme atá coiteann ar feadh na hearnála bonneagar ríthábhachtach.

### Neamh-infheidhmeacht

De bharr go bhfuil na treoirlínte deartha lena n-úsáid ar feadh il-earnálacha agus fo-earnálacha, seans nach mbeidh na torthaí a dtugtar cur síos orthu ábhartha i ngach

cúinse. Mar thoradh air sin, is faoin OES ar leith a bheidh sé an bealach is fearr chun na Riachtanais Slándála a shásamh, de réir Rialachán 17, a chinneadh.

## Caighdeánú

Moltar caighdeáin agus sonraíocht a nglactar leo go hidirnáisiúnta agus a bhaineann le slándáil chórais líonra agus faisnéise d'fhonn cur i bhfeidhm comhbheartaithe na riachtanais i Rialachán 17 a chur chun cinn.

### A. Aithin

Caithfidh OES an tuiscint, na struchtúir, na beartais agus na próisis eagraíochtúla a fhorbairt chun riosca na cibearshlándála do chórais líonra agus faisnéise na seirbhísí, na sócmhainní, na sonraí agus na n-acmhainní riachtanacha san eagraíocht a bhainistiú.

Tá na gníomhaíochtaí faoin teideal 'Aithin' ríthábhachtach chun an comhthéacs gnó, acmhainní a thacaíonn le feidhmeanna ríthábhachtacha agus na rioscaí cibearshlándála a chuireann ar chumas eagraíochta díriú ar a cuid iarrachtaí agus acmhainní a thuiscint.

#### i. Bainistiú Sócmhainní

Caithfear gach córas agus/nó seirbhís atá ag teastáil chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar agus tacú leo a chinneadh, a thuiscint agus a dhoiciméadú. Áirítear leis sin sonraí, pearsanra, gléasanna, córais agus áiseanna, chomh maith le bonneagar tacaíochta ar bith.

#### ii. Timpeallacht an Ghnó

Tuigtear misean, cuspóirí, páirtithe leasmhara, agus gníomhaíochtaí na heagraíochta agus cuirtear in ord tosaíochta agus doiciméadaítear iad. Úsáidtear an t-eolas seo chun bonn eolais a chur faoi róil, faoi fhreagrachtaí agus faoi chinntí bainistíochta riosca a bhaineann le cibearshlándáil.

#### iii. Rialachas

Aithnítear, tuigtear agus doiciméadaítear na beartais, na nósanna imeachta, agus na próisis a bhainistíonn agus a dhéanann monatóireacht ar riachtanais rialála, dhlíthiúla, timpeallachta agus oibríochtúla na heagraíochta, agus cuireann siad bonn eolais faoi bhainistíocht riosca na cibearshlándála.

#### **iv. Measúnú Riosca**

Aithníonn agus tuigeann an eagraíocht an riosca cibearshlándála d'oibríochtaí, do shócmhainní eagraíochtúla, agus do dhaoine aonair.

#### **v. Straitéis um Bhainistíocht Riosca**

Bunaítear tosaíochtaí, srianta, lamháltais rioscaí agus toimhdí, agus úsáidtear iad chun tacú le cinní rioscaí oibriúcháin.

#### **vi. Bainistíocht Riosca sa Slabhra Soláthair**

Is féidir laigí i slándáil soláthraithe a úsáid chun rialuithe inmheánacha eagraíochta a sheachaint. Bunaítear agus cuirtear i bhfeidhm próisis chun rioscaí don slabhra soláthair a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú.

## **B. Cosain**

Tá an fheidhm dar teideal 'Cosain' bunaithe ar OES bheith in ann na gnéithe a meastar gur gnéithe ríthábhachtacha iad (sonraí, pearsanra, gléasanna, córais, áiseanna) dá eagraíocht a chosaint, bunaithe ar na daoine, ar na próisis agus ar na teicneolaíochtaí atá i bhfeidhm. Rud atá ríthábhachtach ó thaobh OES a chosaint de ná na bearta cuí agus comhréireacha slándála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a sholáthraíonn agus a chosnaíonn seirbhísí agus córais riachtanacha na heagraíochta.

Is ceart na gníomhaíochtaí sa limistéar cosanta a dhéanamh comhsheasmhach le straitéis riosca na heagraíochta, atá san fheidhm dar teideal 'Aithin'.

#### **i. Bainistiú Aitheantais, Fíordheimhniú agus Rialúchán Rochtana**

Níl rochtain ach ag úsáideoirí, ag próisis, nó ag gléasanna údaraithe ar shócmhainní agus ar áiseanna gaolmhara, ag teacht le prionsabal an údaráis is lú. Déantar sin a bhainistiú i gcomhréir leis an riosca measúnaithe.

#### **ii. Feasacht agus Oiliúint Foirne**

Cuirtear oideachas feasachta cibearshlándála ar phearsanra agus ar pháirtithe na heagraíochta agus faigheann siad oiliúint chun a dualgais agus freagrachtaí a bhaineann le slándáil faisnéise a dhéanamh comhsheasmhach le beartais, le nósanna imeachta agus le comhaontuithe gaolmhara.

#### **iii. Slándáil Sonraí**

Bainistítear faisnéis agus taifid (sonraí) comhsheasmhach le straitéis riosca na heagraíochta chun rúndacht, sláine, agus infhaighteacht na faisnéise a chosaint.

**iv. Beartais, Próisis agus Nósanna Imeachta um Chosaint Seirbhísí**

Tugann an eagraíocht sainmhíniú ar bheartais, ar phróisis agus ar nósanna imeachta cuí a threoraíonn an cur chuige eagraíochtúil foriomlán i leith córais agus sonraí a fháil a thacaíonn le soláthar seirbhísí riachtanacha agus cuirtear in iúl agus doiciméadaítear iad.

**v. Cothabháil**

Déantar cothabháil agus deisiúchán ar chomhpháirteanna an chórais ríthábhachtaigh comhsheasmhach le beartais agus nósanna imeachta.

**vi. Teicneolaíocht Chosanta**

Bainistítear réitigh slándála teicniúla chun slándáil agus athléimneacht chórais agus shócmhainní a chinntiú, comhsheasmhach le beartais, nósanna imeachta agus comhaontuithe gaolmhara.

## C. Braith

Na hacmhainní cuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun teagmhas cibearshlándála, a d'fhéadfadh cur isteach ar sheirbhísí riachtanacha, a aithint, a bhrath agus chun cosaint ina choinne.

Cumasaíonn an fheidhm seo dar teideal 'Braith' freagra tráthúil agus d'fhéadfadh sí srian a chur le tionchar na dteagmhas féideartha a bhaineann le cibearshlándáil.

**i. Aimhrialtachtaí agus Teagmhais a Bhrath**

Braitear gníomhaíocht aimhrialta go tráthúil agus tuigtear an tionchar a d'fhéadfadh bheith ag teagmhais. Caithfear gach gné sna haimhrialtachtaí agus sna teagmhais sa phróiseas braite a dhoiciméadú.

**ii. Monatóireacht Leanúnach Slándála**

Déantar monatóireacht ar an gcóras agus ar na sócmhainní faisnéise chun teagmhais chibearshlándála a aithint agus chun éifeachtacht na mbeart cosanta a dheimhniú. Doiciméadaítear gach gné den phróiseas leanúnach monatóireachta um shlándáil.

### iii. **Próisis Bhraite**

Déantar doiciméadú, cothabháil agus tástáil ar nósanna imeachta agus ar phróisis bhraite chun éifeachtacht a fhíorú agus chun feabhsú leanúnach a chinntiú.

## D. **Freagair**

Is ceart an fheidhm seo dar teideal 'Freagair' a dhéanamh comhsheasmhach leis an gcomhthéacs gnó agus leis an straitéis riosca a shainmhínítear faoin teideal 'Aithin'. Is ceart do na gníomhaíochtaí sa réimse seo tacú leis an gcumas chun srian a chur leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhas cibearshlándála.

### i. **Pleanáil Freagartha**

Déantar, coinnítear agus doiciméadaítear próisis agus nósanna imeachta freagartha chun freagra tráthúil ar theagmhais bhraite chibearshlándála a chinntiú.

### ii. **Cumarsáid**

Déantar gníomhaíochtaí freagartha a chomhordú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha (e.g. tacaíocht sheachtrach ó gníomhaíochtaí forfheidhmithe an dlí).

### iii. **Anailís**

Déantar agus doiciméadaítear anailís chun freagra sásúil a chinntiú agus chun tacú le gníomhaíochtaí aisghabhála.

### iv. **Maolú**

Déantar agus doiciméadaítear gníomhaíochtaí chun leathnú teagmhais a chosc, chun a thionchair a mhaolú agus chun an teagmhas a dhíothú.

### v. **Feabhsuithe**

Feabhsaítear agus doiciméadaítear gníomhaíochtaí eagraíochtúla freagartha ach ceachtanna a foghlaimíodh ó ghníomhaíochtaí reatha braite/freagartha agus ó ghníomhaíochtaí a rinneadh roimhe seo a chuimsiú.

## E. Aisghabh

Na hacmhainní cuí, a gcuirtear in ord tosaíochta iad trí phróiseas bainistíochta riosca na heagraíochta, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun acmhainní na seirbhísí riachtanacha, ar chuir teagmhas cibearshlándála isteach orthu, a athbhunú.

Is ceart na gníomhaíochtaí a dhéantar sa réimse dar teideal 'Aisghabh' a dhéanamh comhsheasmhach leis an gcomhthéacs gnó agus leis an straitéis riosca a shainmhínítear faoin teideal 'Cosain'. Tacaíonn na gníomhaíochtaí sa réimse seo le gnáthoibríochtaí a aisghabháil go tráthúil chun tionchar teagmhais chibearshlándála a laghdú.

### i. Pleanáil Aisghabhála

Déantar, coinnítear agus doiciméadaítear próisis agus nósanna imeachta aisghabhála chun athchóiriú tráthúil na gcóras nó na sócmhainní, ar chuir teagmhais chibearshlándála isteach orthu, a chinntiú.

### ii. Feabhsuithe

Feabhsaítear agus doiciméadaítear pleanáil agus próisis aisghabhála ach ceachtanna a foghlaimíodh a chuimsiú i ngníomhaíochtaí amach anseo.

### iii. Cumarsáid

Comhordaítear gníomhaíochtaí athchóirithe le páirtithe inmheánacha agus seachtracha, amhail ionaid chomhordaithe, Soláthraithe Seirbhísí Idirlín, úinéirí córais ionsaitheacha, íospartaigh, CSIRT eile, díoltóirí agus páirtithe leasmhara eile. Doiciméadófar na próisis a úsáidtear le haghaidh cumarsáide.

## 5. Tuairisciú Teagmhas ag Oibritheoirí Seirbhísí Riachtanacha

### 5.1 Réamhrá

Faoi Rialachán 18 na Rialachán NIS, tá oibleagáid éigeantach ar gach aonán atá ainmnithe mar OES (i.e. lena n-áirítear aonáin atá ainmnithe mar OES sna hearnálacha baincéireachta agus bonneagair mhargaidh airgeadais) an fhoireann freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhaireachta (CSIRT) sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil a chur ar an eolas faoi aon theagmhais slándála líonra nó faisnéise a bhfuil “tionchar suntasach” acu ar leanúnachas na seirbhísí riachtanacha a sholáthraíonn sé, laistigh de 72 uair an chloig ó fuarthas amach faoi theagmhas.

*18. (1) (a) An operator of essential services shall notify the CSIRT in accordance with paragraph (2) of any incident concerning it that has a significant impact on the continuity of an essential service provided by it in respect of which it is designated as an operator of essential services.*

*18. (1) (b) An operator of essential services who relies on a third-party digital service provider for the provision of an essential service in respect of which it is designated as an operator of essential services shall notify the CSIRT in accordance with paragraph (2) of an incident affecting the digital service provider which has a significant impact on the continuity of the essential service provided by the operator.*

*18. (2) A notification in respect of an incident shall be made under paragraph (1) without delay after the incident occurs and, in any event, not later than 72 hours after the operator of essential services becomes aware of the occurrence of that incident.*

Is é an CSIRT an fhoireann freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhaireachta sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil atá ainmnithe mar an bhfoireann freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhaireachta sa Stát chun críocha na Rialachán.

Sainmhínítear teagmhas i Rialachán 2 mar eachtra ar bith a bhfuil tionchar diúltach iarbhír aici ar shlándáil chórais líonra agus faisnéise.



Sainmhínítear córas líonra agus faisnéise i Rialachán 2 mar rud a chiallaíonn:

- a) líonra cumarsáidí leictreonacha sa chiall atá i Rialachán 2 de Rialacháin 2011 na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí maidir le Cumarsáidí Leictreonacha) (Creat) (I.R. Uimh. 333 de 2011),
- b) gaireas ar bith nó grúpa gaireas idir-nasctha nó gaolmhar ar bith, a ndéanann ceann amháin nó níos mó díobh, de bhun cláir, próiseáil uathoibríoch ar shonraí digiteacha, nó
- c) sonraí digiteacha a stóráiltear, a phróiseáiltear, a fhaightear nó a tharchuirtear ag gnéithe dá dtagraítear in alt (a) nó (b) chun críche na sonraí a oibriú, a úsáid, a chosaint agus a chothabháil;

Sainmhínítear “slándáil na gcóras líonra agus faisnéise” mar “bheith ar chumas na gcóras líonra agus faisnéise cur in aghaidh, ag leibhéal áirithe muiníne, aon ghnímh a chuireann isteach ar infhaighteacht, ar bharántúlacht, ar shláine nó ar rúndacht sonraí stóráilte, tarchurtha nó próiseáilte nó ar na seirbhísí gaolmhara a sholáthraíonn, nó atá ar fáil trí, na córais líonra agus faisnéise”.

## 5.2 Tuairisciú Teagmhas

Lé chéile, is é an éifeacht atá ag na forálacha thuas go bhfuil ceanglas ar OES eachtra ar bith a bhfuil tionchar aige ar shlándáil a chóras líonra agus faisnéise, agus a bhfuil tionchar suntasach ar leanúnachas na seirbhíse dá bhfuil siad ainmnithe OES, a thuairisciú. San áireamh air sin tá teagmhais a mbíonn tionchar acu ar DSPanna nó aon soláthraí tríú páirtí a mbraitheann an OES air dá sheirbhísí riachtanacha. Úsáidtear an téarma ‘eachtra’ – mar sin, ní gá go mbeadh baint ag gníomhaí tríú páirtí ná gur tharla ‘ionsaí’ le go mbeadh teagmhas intuairiscithe. Ina áit sin, áirítear le ‘eachtra ar bith’ timpistí, teip trealamh, earráidí bogearraí, nó eachtraí seachtracha (amhail tinte nó tuilte) – féadfaidh teagmhais intuairiscithe eascairt as iad sin go léir.

Cuirfidh OESanna an CSIRT ar an eolas faoi theagmhas ar bith a bhfuil tionchar suntasach aige ar leanúnachas sheirbhísí riachtanach a chuireann siad ar fáil. Déantar tagairt, leis an CSIRT a chur ar an eolas faoi theagmhas, don tseirbhísí riachtanach dá

bhfuil an OES ainmnithe, agus sin amháin. Ní éilítear faoin amlíne a luaitear in alt 18 (2), ach go gcuirfidh OES an CSIRT ar an eolas i ndáil le teagmhas gan mhoill, i ndiaidh don teagmhas tarlú agus tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig i ndiaidh don oibritheoir seirbhísí riachtanacha lena mbaineann a fháil amach gur tharla an teagmhas sin.

Chomh luath agus a réitítear an teagmhas ar chuir an OES an CSIRT ar an eolas faoi de bhun Rialachán 18 (1), tá ceanglas ar an OES an CSIRT a chur ar an eolas ansin gur réitíodh an teagmhas, de réir Rialachán 18 (9).

Tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig i ndiaidh an teagmhas a réiteach an creat ama don OES an CSIRT a chur ar an eolas faoin réiteach, de réir Rialachán 18 (10).

### 5.3 An Tionchar Suntasach ar Leanúnachas na Seirbhísí Riachtanacha a Chinneadh

Leagtar amach i Rialachán 18(4) na trí pharaiméadar seo a leanas nach mór a chur san áireamh, go háirithe agus cinneadh á dhéanamh faoi cibé, sa chás go bhfuil tionchar ag teagmhas ar an tseirbhís riachtanach a chuireann OES ar fáil, an bhfuil tionchar suntasach aige ar leanúnachas na seirbhíse riachtanaí atá á chur ar fáil:

- a) Líon na n-úsáideoirí a gcuirtear as dóibh mar gur cuireadh isteach ar an tseirbhís riachtanach;
- b) Fad an teagmhais;
- c) An leathadh geografach maidir leis an limistéar ar chuir an teagmhas isteach air.

Mar threoir phraiticiúil do OESanna sna hearnálacha agus fo-earnálacha a chuimsítear leis na Rialacháin NIS maidir le cibé ar chóir teagmhas a thuairisciú chuig an CSIRT, leagtar amach in Aguisín C leibhéil tháscacha, a bhaineann le hearnálacha faoi leith, maidir le Tuairisciú Teagmhais, ar leibhéil “tionchar suntasach” iad de réir chiall na Rialachán, agus na paraiméadair a aithnítear i Rialachán 18(4) á gcur san áireamh.

### 5.4 Faisnéis maidir le Tuairisciú Teagmhas

De réir Rialachán 18 (3) de na Rialacháin NIS, ní mór faisnéis áirithe bheith i dtuairiscí teagmhas chuig an CSIRT, a mhéid is féidir a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh an fhaisnéis sin ag an OES, mar seo a leanas:

- ainm an oibritheora;
- catagóir na hearnála agus nuair is cuí, na fo-earnála agus na seirbhíse riachtanaí arna cur ar fáil a bhfuil tionchar ag an teagmhas uirthi;
- an t-am ar tharla an teagmhas;
- fad an teagmhais;
- faisnéis maidir le nádúr agus tionchar an teagmhais;
- faisnéis faoi thionchar trasteorann a tharla nó is dócha a tharlóidh de bharr an teagmhais;
- faisnéis ar bith eile a d'fhéadfadh cúnamh a thabhairt don CSIRT.

## 5.5 Nós Imeachta maidir le Tuairisciú Teagmhas

Ba cheart do OESanna an teimpléad Tuairiscithe Teagmhais thíos a úsáid chun an CSIRT a chur ar an eolas faoi theagmhas. Forbraíodh an teimpléad de bhun Rialachán 18(13) agus scaipfear é ar aonáin arna n-ainmniú mar OESanna de réir Rialachán 12.

Más mian leat cóip den fhoirm thuairiscithe theagmhais a fháil, cuir ríomhphost chuig [incident@ncsc.gov.ie](mailto:incident@ncsc.gov.ie) nó [certreport@dcae.gov.ie](mailto:certreport@dcae.gov.ie).



Operator of Essential Services - Incident Notification Form



Report Type	Date
<b>First Report</b> <small>(no later than 72 hours after identifying incident)</small>	Click here to enter a date.
<b>Interim Report</b> <small>(optional)</small>	Click here to enter a date.
<b>Final Report</b> <small>(no later than 72 hours after resolving incident)</small>	Click here to enter a date.

Service Provider Details		
Organisation Name		
Sector	Choose an item.	
Contact Person		
Role/Title		
Phone	Email	
Availability		
Other Interested Parties		

Incident Details			
<b>Description</b> Must include time and date incident first identified.	<i>High level description of incident.</i>		
<b>Service(s) affected</b>	<i>What essential services were affected:</i>		
<b>Nature &amp; Impact</b>	Duration		
	Number of Affected Users		
	Nature of Compromise <small>(authenticity, integrity, availability, confidentiality of data or service)</small>		
	Geographic Spread		
	Cross Border Impact		
	Data Loss/Breach		
	Material Damage		
	Financial Loss		
	Reputational Damage		
	Risk to Health, Safety or possible loss of life		
<b>Root Cause (if known)</b>	Please tick relevant box		
	System failure <small>(e.g. software bug, flawed procedure, hardware failure, etc.)</small>	Natural disaster <small>(e.g. storm, earthquake, etc.)</small>	Human error <small>(e.g. mistake, negligence, etc.)</small>
	Malicious action <small>(e.g. cyber-attack, vandalism, theft, software bug, DDoS attack, etc.)</small>	3rd party failure <small>(e.g. power cut, internet outage, etc.)</small>	Other <small>(please provide further detail below)</small>
	Root Cause narrative:		
<b>Severity</b>	Please tick relevant box		
	Major Impact		
	Moderate Impact		
	Minor Impact		
	Not Yet Known		
	No Impact <small>(report for information only)</small>		

Current Situation	
Investigation Status	Choose an item.
Actions Taken to mitigate or contain	
Expected Time to Resolve	
Support Required from CSIRT	Choose an item. <i>Please provide further information:</i>
Notifications Issued (Impacted Parties, Executive Management, Law Enforcement, Data Protection Commissioner)	

Information Sharing	
Full Incident Information (ICT assets affected, IoCs, etc.)	
Lessons Learned (e.g. vulnerabilities/weaknesses exposed, new threats identified, inadequate processes/controls, staff awareness training needs, success of business continuity and disaster recovery plans, etc.)	<i>Can be included in First, Interim or Final report as appropriate.</i>

Please email completed form to [incident@ncsc.gov.ie](mailto:incident@ncsc.gov.ie) or [certreport@dcae.gov.ie](mailto:certreport@dcae.gov.ie)

Tá cúig réimse shonracha ar an Teimpléad Tuairiscithe Teagmhais, a leagtar amach thíos i dtéarmaí treorach;

#### 1. An Cineál Tuairiscithe

##### a. Chéad Tuairisc

Dáta chun an chéad tuairisc a chur isteach.

##### b. Tuairisc Eatramhach

Dáta chun tuairisc eatramhach a chur isteach. Is tuairisc í an tuairisc eatramhach atá roghnach ach tairbheach don CSIRT i ndáil le tacú le OES i rith teagmhais.

##### c. Tuairisc Dheiridh

Dáta chun tuairisc dheiridh a chur isteach.

#### 2. Mionsonraí an tSoláthraí Seirbhíse

##### a. Ainm na hEagraíochta

Ainm Oibritheoir na Seirbhíse Riachtanaí

##### b. Earnáil

An earnáil agus an fho-earnáil faoina bhfuil an Oibritheoir ainmnithe

##### c. Duine teagmhála

An duine teagmhála san OES arb é/í an pointe lárnach teagmhála maidir leis an teagmhas, agus atá in ann mionsonraí ábhartha faoin teagmhas a thabhairt don CSIRT.

d. Ról/Teideal

Ról/teideal an duine teagmhála san OES

e. Teileafón/Ríomhphost

Uimhir theileafóin agus ríomhphost an duine teagmhála san OES

f. Infhaighteacht

Infhaighteacht an duine san OES i ndáil le cumarsáid i rith nó i ndiaidh an teagmhas a bheith tuairiscithe

g. Páirtithe Leasmhara Eile

Tríú páirtí ar bith eile a bhfuil leas dlisteanach acu sa teagmhas.

3. Mionsonraí faoin Teagmhas

a. Cur Síos

- An t-am/dáta ar chéad-aithin an OES an teagmhas
- Féadtar uimhir thagartha inmheánach don teagmhas a chur san áireamh
- Cur síos ardleibhéal ar an teagmhas, eadhon, forléargas ar an teagmhas agus ar an gcás.

b. Seirbhís(i) a raibh Tionchar uirthi/orthu

Sonraíocht maidir leis an tseirbhís riachtanach/na seirbhísí riachtanacha a raibh tionchar ag an teagmhas uirthi/orthu.

c. Nádúr agus Tionchar

Nádúr agus tionchar an teagmhais;

- Fad an teagmhais
